2025/1176

18.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1176 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Bealtaine 2025

lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana le haghaidh ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun úsáide

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 ([1]), agus go háirithe Airteagal 26(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1735 leagtar síos bearta chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna a mhéadú. Leis na bearta sin, ba cheart iomaíochas na hearnála teicneolaíochta glan-nialasachta a mhéadú, infheistíochtaí a mhealladh, agus feabhas a chur ar an rochtain ar an margadh le haghaidh teicneolaíochtaí glana san Aontas. I measc na rialacha sin, tacaíonn Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735 leis an aidhm bonn tionsclaíoch a fhorbairt agus a choinneáil ar bun ch teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur chun úsáide chun soláthar fuinnimh an Aontais a dhaingniú agus chun spleáchais ar sholáthar na dteicneolaíochtaí sin a sheachaint. Chuige sin, ceanglaítear ar na Ballstáit critéir áirithe neamhphraghais a chur i bhfeidhm maidir le 30 % ar a laghad den mhéid a chuirtear ar ceant in aghaidh na bliana in aghaidh an Bhallstáit nó de rogha air sin ar 6 ghigeavata ar a laghad in aghaidh na bliana in aghaidh an Bhallstáit chun fuinneamh ó na foinsí in-athnuaite a chur chun úsáide agus úsáid á baint as na teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a liostaítear in Airteagal 4(1), pointí (a) go (j), den Rialachán sin ([2]). Le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735 tugtar isteach an ceanglas critéir áirithe neamhphraghais a chur i bhfeidhm mar chritéir réamhcháiliúcháin, agus i gcás critéir eile tá solúbthacht ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ina ndearadh ceantanna cé acu a chuirfidh siad i bhfeidhm iad mar chritéir réamhcháiliúcháin nó dhámhachtana nó mar theaglaim den dá chineál critéar. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 26(2), an fhomhír dheireanach, de Rialachán (AE) 2024/1735, ní chuirtear cosc ar na Ballstáit critéir bhreise neamhphraghais a úsáid thar na critéir sin a liostaítear in Airteagal 26(2).

(2) Tá sé d'aidhm ag na rialacha lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin nó dhámhachtana ba cheart a áireamh i gceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite áirithe a chur chun úsáide chun dearadh agus cur i bhfeidhm na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735 a éascú agus aonfhoirmeacht a áirithiú ar fud an Aontais, agus solúbthacht leordhóthanach a sholáthar do na Ballstáit an tráth céanna. Le cur chun feidhme comhchuibhithe na gcritéar, ba cheart costais idirbheart d'oibreoirí eacnamaíocha agus do na Ballstáit a laghdú agus ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint i gcomhréir le prionsabal bhreisluach an Aontais. Ba cheart é sin a dhéanamh agus solúbthacht leordhóthanach á tabhairt do na Ballstáit chun cur i bhfeidhm na gcritéar réamhcháiliúcháin nó dámhachtana a oiriúnú do struchtúr agus do phleanáil a gcóras ceantála faoi seach, dá saintréithe sonracha agus do bhreithnithe eile atá nasctha leis na cuspóirí beartais phoiblí eile, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Níor cheart do chur i bhfeidhm na gcritéar sin i gceantanna fuinnimh in-athnuaite an bonn a bhaint de phríomhchuspóirí an cheant ó thaobh fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid go tapa, go héifeachtúil agus go hinbhuanaithe agus ba cheart próiseas tairisceana iomaíoch agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú leis. Sonraítear sa Rialachán seo na critéir réamhcháiliúcháin nó dámhachtana ba cheart a áireamh i gceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite áirithe a chur chun úsáide chun a áirithiú go ndéanfar na critéir sin a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach gan méadú díréireach ar chostais a bheith mar thoradh air sin.

([1]) IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj.

([2]) Is iad na teicneolaíochtaí a chumhdaítear teicneolaíochtaí gréine, lena n-áirítear teicneolaíochtaí fótavoltacha, teicneolaíochtaí leictreacha teirmeacha gréine agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine; teicneolaíochtaí gaoithe ar talamh agus teicneolaíochtaí in-athnuaite amach ón gcósta; teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh; teicneolaíochtaí hidrigine, lena n-áirítear leictrealóirí agus breosla-chealla, i gcás ina n-úsáidtear iad chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh; teicneolaíochtaí inbhuanaithe bithgháis agus bithmheatáin; teicneolaíochtaí breoslaí malartacha inbhuanaithe ar teicneolaíochtaí breoslaí in-athnuaite iad.

(3) Ba cheart a áirithiú leis an gcritéar a bhaineann le hiompar freagrach gnó go bhfuil na gníomhaíochtaí a dhéanann cuideachtaí ailínithe le riachtanais na sochaí agus an dúlra. Ag tógáil ar an gcreat ábhartha um chaighdeáin idirnáisiúnta, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Lena gcuirtear chun feidhme Creat na Náisiún Aontaithe dar teideal 'Cosaint, Meas agus Leigheas', Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le hIompar Freagrach Gnó, Treoraíocht ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, Dearbhú Tripháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta agus reachtaíocht ábhartha an Aontais i dtaca le dícheall cuí corparáideach inbhuanaitheachta ([3]), go háirithe Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) chomh maith le Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún ([6]) , ba cheart tabhairt isteach critéir réamhcháiliúcháin maidir le hiompar freagrach gnó i gceantanna fuinnimh in-athnuaite dul níos faide ná na ceanglais díchill chuí i ndlí an Aontais atá ann cheana trína cheangal go ndéanfar beart chun dul i ngleic le príomhghnéithe an díchill chuí maidir le gníomhaíochtaí gnó ginearálta an tairgeora a bhaineann leis an gceant. Ba cheart a cheangal ar thairgeoirí freisin cumarsáid phoiblí a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar chun é sin a dhéanamh. Ionas nach mbeidh ualach maorlathach iomarcach ann, níor cheart a cheangal ar dhaoine nádúrtha, ar chuideachtaí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) mar a shainmhínítear in Airteagail 19a agus 29a di agus sna modhnuithe a rinneadh orthu ina dhiaidh sin ná ar phobail fuinnimh in-athnuaite an oibleagáid bhreise sin a chomhlíonadh, agus tá siad faoi réir ceanglais níos éadroime, agus iad díolmhaithe go hiomlán ó chur i bhfeidhm an chritéir iompair gnó fhreagraigh le haghaidh tionscadail a bhfuil toilleadh faoi bhun 10 MW acu. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit an fhéidearthacht a choinneáil an oibleagáid gníomhaíocht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar phríomhghnéithe an díchill chuí le haghaidh tionscadail ag a bhfuil toilleadh os cionn 10 MW a leathnú chuig daoine nádúrtha, chuig cuideachtaí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE mar a shainmhínítear in Airteagail 19a agus 29a di agus sna modhnuithe a rinneadh orthu ina dhiaidh sin agus chuig pobail fuinnimh in-athnuaite. Ba cheart an measúnú ar chomhlíonadh an chritéir iompair gnó fhreagraigh a bheith bunaithe ar phríomhghnéithe an díchill chuí, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ([8]).

(4) Tá sé ríthábhachtach ardleibhéal cibearshlándála agus slándála sonraí a áirithiú i suiteálacha giniúna fuinnimh chun slándáil an tsoláthair fuinnimh agus bonneagar criticiúil fuinnimh a choinneáil ar bun. D'fhéadfadh rioscaí cibearshlándála san earnáil fuinnimh dochar a dhéanamh do rúndacht na faisnéise a phróiseáiltear i dtógáil agus in oibriú suiteálacha fuinnimh in-athnuaite agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chumas an oibreora rialú oibriúcháin na suiteála a choinneáil. Bíonn ar shuiteálacha fuinnimh in-athnuaite aghaidh a thabhairt ar thacar mór rioscaí cibearshlándála a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leis an slabhra soláthair, ar nós éilliú tromchúiseach gan choinne ar an slabhra soláthair, gan táirgí, seirbhísí nó próisis teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a bheith ar fáil sa slabhra soláthair nó cibirionsaithe arna dtionscnamh ag gníomhaithe sa slabhra soláthair, lena n-áirítear trí ghníomhaithe mailíseacha stáit agus coiriúla atá an-sofaisticiúil agus leanúnach.

(5) Chun a áirithiú go dtabharfaidh na tairgeoirí uile aghaidh go cuí ar rioscaí cibearshlándála agus slándála sonraí, ba cheart a áireamh i gceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur in úsáid critéir réamhcháiliúcháin lena gceanglaítear orthu bearta bainistíochta riosca cibearshlándála a chur chun feidhme, iad a léiriú i bplean cibearshlándála agus a áirithiú go mbeidh na bearta sin infheidhme maidir le táirgí nó seirbhísí TFC arna soláthar ag a soláthróirí. Is féidir le stóráil agus próiseáil sonraí a bhaineann le hoibriú suiteálacha fuinnimh in-athnuaite i ndlínsí lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch bagairtí a chruthú do shlándáil na suiteálacha agus don chóras foriomlán. Tá gá le leibhéal breise cosanta sonraí chun slándáil na suiteála agus an chórais fhoriomláin a áirithiú i

([3]) Go háirithe an Treoir maidir le Dícheall Cuí Corparáideach Inbhunaitheachta, Treoir (AE) 2024/1760 maidir le dícheall cuí corparáideach hinbhuanaitheachta, chomh maith le Treoir (AE) 2022/2464 maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, lena n-áirítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta, go háirithe mír 61.

([4]) Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj).

([5]) Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (IO L, 2023/2772, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2772/oj).

([7]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cinéalacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

([8]) Féach Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún, Iarscríbhinn I, mír 61.

gcásanna ina bhfuil an tairgeoir faoi réir dlínse tríú tír lena gceanglaítear ar an tairgeoir faisnéis maidir le leochaileachtaí bogearraí nó crua-earraí a thuairisciú d'údaráis an tríú tír sin sula bhfuiltear ar an eolas gur saothraíodh na leochaileachtaí sin. Tá gá le leibhéal breise cosanta sonraí freisin i gcás, de réir ráiteas poiblí thar ceann an Aontais faoin gcreat le haghaidh freagairt chomhpháirteach taidhleoireachta ón Aontas ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha ([9]) nó thar ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, ina ndearna gníomhaithe bagartha a oibríonn laistigh de chríoch an tríú tír sin cibirghníomhaíochtaí mailíseacha nó cibearfheachtais mhailíseacha. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit, go háirithe, bearta sriantacha spriocdhírithe arna bhforchur ag an Aontas a chur san áireamh chun cibirionsaithe ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit a dhíspreagadh agus chun freagairt dóibh ([10]). Ráitis phoiblí thar ceann Ballstáit, tá siad ábhartha go háirithe maidir le ceantanna a dhéanann an Ballstát sin. I gcásanna den sórt sin, ba cheart do thairgeoirí plean cibearshlándála cuí-réasúnaithe a sholáthar ina leagtar amach na bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla chun a áirithiú go ndéanfar sonraí a úsáidtear le haghaidh a ngníomhaíochtaí gnó nó a ghintear ina ngníomhaíochtaí gnó a bhaineann leis an gceant a stóráil agus a phróiseáil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus nach n-aistrítear iad lasmuigh de LEE. Tá sé tábhachtach go gcoinneoidh oibreoir atá bunaithe in LEE rialú oibriúcháin na suiteála ar bun chun maoirseacht agus forfheidhmiú iomchuí ar dhlí an Aontais a áirithiú d'fhonn slándáil na suiteála agus an chórais fhoriomláin a ráthú.

(6) Tá sé ríthábhachtach critéir a áireamh chun a áirithiú go mbeidh an tairgeoir in ann an tionscadal a sholáthar le féachaint chuige go mbeidh tairgeoirí agus a dtairiscintí inchreidte, go mbeidh an t-eolas teicniúil, an taithí agus an cumas airgeadais agus eacnamaíoch is gá acu, agus go mbeidh plean réalaíoch gnó agus teicniúil acu chun an tionscadal a chur i gcrích go hiomlán agus in am, agus na sonraíochtaí éagsúla agus na ceanglais maidir le critéir neamhphraghais a áirítear sa cheant á n-urramú. Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheangal ar thairgeoirí doiciméadacht agus fianaise shonrach a sholáthar. Agus na critéir sin á ndearadh, ba cheart do na Ballstáit costais an tionscadail, a rioscaí, acmhainneacht an tionscadail, aibíocht na teicneolaíochta, an méid nuálaíochta a cheanglaítear leis an gceant agus dálaí margaidh ábhartha eile a chur san áireamh freisin. Tá sé sin ábhartha go háirithe toisc go bhféadfadh, má dhéantar ceanglais iomarcacha a fhorchur, le haghaidh tionscadail níos lú mar shampla, go gcuirfí teorainn shaorga ar iomaíochas agus go ndéanfaí gníomhaithe níos lú a eisiamh, ar gníomhaithe iad a bheadh in ann, murach sin, páirt a ghlacadh sa cheant. Thairis sin, trí cheanglais iomarcacha a fhorchur, d'fhéadfaí rannpháirtíocht iontrálaithe nua sa cheant a theorannú. Ina ionad sin, i gcás tionscadail níos mó, lena mbaineann rioscaí níos airde, d'fhéadfadh sé gur ghá coinníollacha níos déine a fhorchur chun a áirithiú gur féidir na tionscadail a chur i gcrích go hiomlán agus in am, agus próiseas tairisceana iomaíoch á ráthú an tráth céanna.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2024/1735, ní mór do na Ballstáit critéir réamhcháiliúcháin nó critéir dhámhachtana a áireamh chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta an cheant. Le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1735 ceanglaítear ar údaráis chonarthacha agus ar eintitis chonarthacha íoscheanglais shainordaitheacha maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus ceanglais shainordaitheacha áirithe a chur i bhfeidhm i nósanna imeachta soláthair phoiblí áirithe chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú athléimneachta na tairisceana. Nósanna imeachta soláthair phoiblí agus ceantanna chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun úsáide, rannchuidíonn siad araon le hathléimneacht an Aontais. Gnóthais phoiblí a oibríonn san earnáil fuinnimh ar eintitis chonarthacha iad i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), tá siad faoi réir Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1735 agus teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4(1), pointe (a) go (k), de Rialachán (AE) 2024/1735 á soláthar acu. An tráth céanna, féadfaidh siad páirt a ghlacadh chomh maith mar thairgeoirí i gceantanna fuinnimh in-athnuaite faoi réir Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735. Le haithris 81 de Rialachán (AE) 2024/1735 meabhraítear a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear na ceanglais inbhuanaitheachta agus athléimneachta i bhfeidhm ar bhealach lena n-áirithítear iomaíocht chóir agus chomhionann i measc gníomhaithe margaidh gan beann ar a struchtúr úinéireachta. Chun iomaíocht chóir agus chomhionann den sórt sin a áirithiú, chun measúnú a dhéanamh ar athléimneacht agus ar cheanglais inbhuanaitheachta comhshaoil, níor cheart gnóthais phoiblí atá rannpháirteach i gceantanna fuinnimh in-athnuaite de bhun Airteagal 26 a bheith faoi réir ach na rialacha a leagtar síos in Airteagal 26. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar amach in Airteagal 25 maidir le soláthar na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear an soláthar sin chun tionscadail arna ndámhachtain i gcomhthéacs ceantanna fuinnimh in-athnuaite faoi réir Airteagal 26 a dhéanamh ([12]).

([9]) Conclúidí ón gComhairle maidir le creat le haghaidh Freagairt Chomhpháirteach Thaidhleoireachta ón Aontas ar Chibearghníomhaíochtaí Mailíseacha ('Bosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta'), an 19 Meitheamh 2017.

([10]) Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/796/oj).

([11]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/25/oj).

([12]) Bheadh na cuideachtaí sin fós faoi réir an chreata ghinearálta soláthair phoiblí is infheidhme maidir leo.

(8) Tagann rogha shonrach an chineáil critéar chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta an cheant (critéir réamhcháiliúcháin nó dhámhachtana) faoi shainchúram na n-údarás ábhartha a dhearann an ceant sonrach. Mar sin féin, ba cheart do na húdaráis ábhartha a áirithiú nach mbainfidh rogha an chineáil critéar an bonn de chineál iomaíoch an phróisis tairisceana agus nach gcuirfidh sé moill mhíchuí ar úsáid teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite.

(9) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an measúnú ar rannchuidiú na gceantanna leis an athléimneacht rochtain an Aontais ar sholáthar fuinnimh slán agus inbhuanaithe a áirithiú trí (i) spleáchais atá ann faoi láthair a laghdú agus spleáchais straitéiseacha nua ar thríú tíortha aonair a sheachaint maidir le soláthar na dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha, agus (ii) acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais maidir leis na teicneolaíochtaí agus na comhpháirteanna sin a fheabhsú. Ba cheart é sin a dhéanamh gan gnóthú sprioc cheangailteach an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite le haghaidh 2030 a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) a chur i mbaol. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hathléimneacht a chur i bhfeidhm mar chritéar réamhcháiliúcháin nó dámhachtana i leith teicneolaíochtaí glan-nialasachta nó a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha, ba cheart do na húdaráis ábhartha leibhéal spleáchais an Aontais ar thríú tír le haghaidh na teicneolaíochta glan-nialasachta sin nó a príomh-chomhpháirte sonraí, infhaighteacht foinsí malartacha soláthair agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athléimneacht a chur i bhfeidhm mar chritéar réamhcháiliúcháin in ionad critéar dámhachtana ar sholáthar na príomh-chomhpháirte sonraí sin a chur san áireamh. I gcásanna ina n-úsáidtear athléimneacht mar chritéar dámhachtana i gceantanna, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na húdaráis ábhartha éagsúlú soláthar an Aontais a mhéadú, ionas nach mbeidh an soláthar ag teacht ó thír ar a bhfuil an tAontas ag brath an iomarca, trí líon níos airde pointí a dhámhachtain ar thairgeoirí lena n-áirithítear éagsúlú níos airde ar a bhfoinsí soláthair i gcomparáid le tairgeoirí a chomhlíonann na híoscheanglais athléimneachta.

(10) Chun aghaidh a thabhairt ar spleáchais an Aontais ar thríú tír aonair a sholáthraíonn níos mó ná 50 % de theicneolaíocht ghlan-nialasachta shonrach nó dá comhpháirteanna nó 40 % ar a laghad in imthosca áirithe, agus chun éagsúlú soláthair a chur chun cinn, ba cheart d'údaráis ábhartha na mBallstát teorainn a chur le rannpháirtíocht i gceantanna nó i bpointí dámhachtana ábhartha ar bhonn ceanglais a bhaineann le tionscnamh an táirge deiridh agus ar líon áirithe príomh-chomhpháirteanna sonracha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme 2025/1178 ón gCoimisiún ([14]) atá de thionscnamh tríú tír ar a bhfuil an tAontas ag brath an iomarca. Thairis sin, is iomchuí teorainn a chur le tionscnamh príomh-chomhpháirteanna straitéiseacha áirithe i bhfianaise a luacha teicneolaíochta agus an róil lárnaigh atá acu i slándáil an tsoláthair fuinnimh agus i slabhra soláthair teicneolaíochtaí glan-nialasachta sonracha, ach i gcás príomh-chomhpháirteanna sonracha eile ba cheart do thairgeoirí príomh-chomhpháirteanna sonracha solúbthacht a choinneáil maidir le roghnú cé na comhpháirteanna a bheartaíonn siad a fhoinsiú ón tríú tír ar a bhfuil an tAontas ag brath an iomarca laistigh de na teorainneacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Leis na ceanglais sin, déantar foráil maidir le modheolaíocht phraiticiúil atá infhíoraithe go hoibiachtúil chun measúnú a dhéanamh ar athléimneacht teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha atá mar chuid de cheant. Is iomchuí na ceanglais shonracha a leagan síos le haghaidh na dteicneolaíochtaí éagsúla agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha agus a gcúinsí agus a saintréithe sonracha á gcur san áireamh, mar shampla infhaighteacht foinsí malartacha soláthair, acmhainneacht monaraíochta leordhóthanach ar fud an domhain, leibhéal aibíochta agus ráta úsáide na teicneolaíochta, tionchar an éagsúlaithe ar shlabhraí soláthair agus costais fhoriomlána. I gcás táirgí deiridh teicneolaíochtaí fótavoltacha (córais fhótavoltacha gréine) agus modúil fhótavoltacha, foráiltear le rialacha tionscnaimh neamhfhabhracha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([15]) nach n-athrófaí tionscnamh an mhodúil mar gheall ar chóimeáil cealla fótavoltacha (HS 8541 42), a aicmítear sa cheannteideal taraife céanna le modúil fhótavoltacha (HS 8541 43), nó comhpháirteanna coibhéiseacha ina modúil fhótavoltacha . Ar an gcúis sin, is iomchuí tagairt a dhéanamh do chóimeáil an chórais fhótavoltaigh gréine agus an mhodúil fhótavoltaigh, seachas dá dtionscnamh, mar thagairt don mhéid a chuireann na céimeanna monaraíochta sonracha sin le hathléimneacht.

([13]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj), arna leasú le Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 maidir le rialacha a leagan síos chun Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an liosta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú leis an athléimneacht (IO L, 2025/1178, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1178/oj).

([15]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais, (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).

(11) I gcás príomh-chomhpháirteanna sonracha áirithe, d'fhéadfadh an leibhéal spleáchais ar thríú tír aonair a bheith chomh hard sin go gcuirfeadh cur i bhfeidhm dian an chritéir athléimneachta slándáil soláthair na comhpháirte sin i mbaol. I gcásanna den sórt sin, is iomchuí go gcoinneodh na húdaráis ábhartha roinnt solúbthachta chun tairseach na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a mhéadú, ar comhpháirteanna iad a d'fhéadfadh a bheith de thionscnamh an tríú tír sin ar a bhfuil spleáchas iomarcach.

(12) Agus an measúnú a cheanglaítear le hAirteagal 26(8) de Rialachán (AE) 2024/1735 á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir leis na critéir athléimneachta agus inbhuanaitheachta le haghaidh ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur in úsáid agus maidir lena n-éifeacht ar chur in úsáid luathaithe teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, ba cheart don Choimisiún breithniú cuí a dhéanamh ar éifeachtacht an chritéir athléimneachta agus ar cé acu a bhaintear nó nach mbaintear an bonn den éifeachtacht sin le cleachtais arb é is aidhm dóibh tionscnamh nó áit chóimeála táirgí deiridh teicneolaíochtaí glan-nialasachta nó príomh-chomhpháirteanna sonracha a athrú.

(13) Ba cheart d'údaráis ábhartha na mBallstát measúnú a dhéanamh freisin ar rannchuidiú athléimneachta ceantanna le haghaidh teicneolaíochtaí gaoithe ar talamh, teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta agus leictrealóirí, fiú in éagmais tríú tír amháin a sholáthraíonn níos mó ná 50 % de na teicneolaíochtaí sin nó dá gcomhpháirteanna nó 40 % ar a laghad in imthosca áirithe, ós rud é, i gcás na dteicneolaíochtaí sin, go bhfuil riosca nach beag ann go mbeidh spleáchas méadaithe ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne, rud a d'fhéadfadh slándáil soláthair an Aontais a chur i mbaol. Is amhlaidh atá i bhfianaise na dtreochtaí soláthair agus éilimh domhanda agus threochtaí soláthair agus éilimh an Aontais le haghaidh na dteicneolaíochtaí sin, treochtaí reatha agus treochtaí a réamh-mheastar, agus ós rud é gur mó acmhainneacht táirgeachta Dhaon-Phoblacht na Síne ná 50 % den táirgeadh domhanda ([16]) agus gur mó go mór a táirgeadh réamh-mheasta ná a spriocanna intíre agus a héileamh intuartha.

(14) Léirítear le hAirteagal 26 (2) de Rialachán (AE) 2024/1735 gur féidir measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta an cheant trí chritéir a thabhairt isteach a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil a théann thar na híoscheanglais sa dlí is infheidhme, le nuálaíocht nó le comhtháthú an chórais fuinnimh.

(15) Déantar foráil le Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le breithnithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil a áireamh i nósanna imeachta soláthair phoiblí áirithe agus i gceantanna áirithe araon chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun feidhme. Leis an Rialachán, tugtar cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún íoscheanglais a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil le haghaidh conarthaí poiblí a shonrú agus na critéir inbhuanaitheachta comhshaoil a fhéadfar a úsáid i gceantanna chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun feidhme a shonrú a thuilleadh. Leagfar síos na ceanglais sin i rialachán cur chun feidhme atá le glacadh de bhun Airteagal 25, mír 5, de Rialachán (AE) 2024/1735, agus bunaíodh na critéir sin sa Rialachán seo. Tá sé d'aidhm ag an dá ghníomh an sprioc chéanna a bhaint amach maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a mhéadú agus a dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Mar sin féin, tá difríocht idir cur chuige agus ábhar an dá Rialachán d'fhonn na cumhachtuithe dlíthiúla sonracha éagsúla, an difríocht idir na nósanna imeachta a bhaineann le soláthar poiblí agus le ceantanna chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid, an raon feidhme éagsúil ó thaobh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chumhdaítear agus an difríocht sa chineál údarás atá i gceannas ar na nósanna imeachta éagsúla sin agus sna méideanna a úsáidtear tríothu a chur san áireamh.

(16) Agus na húdaráis ábhartha ag roghnú critéir inbhuanaitheachta comhshaoil a shocrú, ba cheart dóibh critéir a shocrú lena ndéanfar measúnú ar thionchair ar an aeráid agus ar an gcomhshaol. Agus é sin á dhéanamh acu, ba cheart dóibh ceann amháin nó níos mó de na critéir inbhuanaitheachta comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo nó critéir eile a mheasann siad a bheith ábhartha a chur i bhfeidhm.

(17) Tá lorg carbóin na dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite ar cheann de na critéir ábhartha is féidir le húdaráis ábhartha na mBallstát a thabhairt isteach i gceantanna chun measúnú a dhéanamh ar a rannchuidiú le hinbhuanaitheacht chomhshaoil. Chun go mbeidh an critéar sin oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ba cheart lorg carbóin na teicneolaíochta glan-nialasachta a thomhas agus a mheasúnú ar bhonn saolré. Is iomchuí freisin comhchuibhiú a dhéanamh ar na modhanna chun measúnú a dhéanamh ar loirg charbóin saolré chun corrlaigh le haghaidh toimhdí a laghdú agus chun feabhas a chur ar inchomparáideacht torthaí, rud is gá chun rannchuidiú éifeachtach le hinbhuanaitheacht chomhshaoil a chumasú. Tá coinne le tuilleadh comhchuibhithe sa réimse sin mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan ([17]). Nuair a chuirtear modh ar fáil le dlí an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar lorg carbóin teicneolaíochta glan-nialasachta ar leith, ba cheart do na Ballstáit í a úsáid ina gceantanna náisiúnta chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur in úsáid agus an teicneolaíocht sin á húsáid acu.

([16]) IEA, *Energy Technology Perspectives 2024*.
([17]) COM(2025) 85 final.

(18) In éagmais dlí de chuid an Aontais lena bhforáiltear modh sonrach nó modh lena léirítear go bhfuil an modh sin oiriúnach lena úsáid mar athróg ionadach chun measúnú a dhéanamh ar lorg carbóin teicneolaíochta fuinnimh in-athnuaite ar leith, d'fhonn feabhas a chur ar inchomparáideacht na dtorthaí agus lorg carbóin á úsáid mar chritéar i gceantanna, is gá paraiméadair dhearaidh a shonrú a thuilleadh le haghaidh an chritéir sin, go háirithe i dtéarmaí modheolaíochta agus ceanglais cháilíochta sonraí.

(19) Is príomhghné den Chomhaontú Glas don Eoraip é an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, mar a leagtar amach sa phlean gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach ([18]).

(20) Is féidir le ceantanna le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta rannchuidiú leis an aistriú sin trí chritéir réamhcháiliúcháin nó critéir dhámhachtana a bhaineann leis an gciorclaíocht a leagan síos. Má chinneann na húdaráis déanamh amhlaidh, ba cheart dóibh critéir a shocrú maidir le hinathchúrsáilteacht, éascaíocht deisithe agus cothabhála nó éascaíocht uasghrádaithe, athúsáide, athmhonaraithe agus athchóirithe táirgí, nó maidir le húsáid nó inneachar ábhar athchúrsáilte, lena n-áirítear amhábhair chriticiúla, ag tagairt do pharaiméadar táirge ábhartha amháin nó níos mó a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]).

(21) Tá cailliúint bithéagsúlachta agus cliseadh éiceachórais i measc na mbagairtí is mó atá os comhair an chine dhaonna. Tá creataí dlíthiúla, straitéisí agus pleananna gníomhaíochta curtha i bhfeidhm ag an Aontas chun an dúlra a chosaint agus gnáthóga agus speicis a athchóiriú, amhail an Straitéis Bhithéagsúlachta go dtí 2030 ([20]) agus Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]). Spreagann cliseadh aeráide cailliúint na bithéagsúlachta ar bhonn domhanda agus géaraíonn cailliúint na bithéagsúlachta an t-athrú aeráide. Dá bhrí sin, tá siad fite fuaite le chéile, mar a deimhníodh le staidéir le déanaí. Tá an bhithéagsúlacht agus éiceachórais shláintiúla ríthábhachtach d'fhorbairt atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.

(22) D'fhéadfadh tionchair dhiúltacha agus dhearfacha a bheith ag teicneolaíochtaí glan-nialasachta ar an mbithéagsúlacht. Is iomchuí critéir a dhearadh i gceantanna a chuidíonn le héagsúlacht speiceas, éiceachórais agus a acmhainneacht atáirgthe a choinneáil ar bun. Is tionchair áitiúla iad na tionchair dhiúltacha den chuid is mó agus d'fhéadfadh caillteanas nó meathlú gnáthóige chomh maith le suaitheadh speiceas a bheith san áireamh leo, lena n-áirítear trí thorann agus imbhuailtí. Ar na tionchair dhearfacha, d'fhéadfadh a áireamh maolú ar an athrú aeráide, laghduithe ar thruailliú aeir agus idirghabhálacha sa tírdhreach a théann chun tairbhe don fhiadhúlra. D'fhéadfadh critéir réamhcháiliúcháin nó dhámhachtana, nó iad araon, a thugann aghaidh ar thionchar na bithéagsúlachta sineirgí a chur chun cinn idir teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus an bhithéagsúlacht. Ba cheart faireachán trédhearcach a dhéanamh ar thionchar na dtionscadal ar an mbithéagsúlacht le linn saolré tionscadail agus ba cheart bearta oiriúnaitheacha a dhéanamh i gcás inar gá.

(23) I gcás ina n-áireoidh na húdaráis ábhartha tionchar bithéagsúlachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta mar chritéar dámhachtana, ba cheart glanrannchuidiú dearfach leis an mbithéagsúlacht a éileamh leis an gcritéar. D'fhéadfaí a áireamh ar shamplaí de bhearta lena dtugtar aghaidh ar ghlanrannchuidiú dearfach leis an mbithéagsúlacht athchóiriú nó athbhunú gnáthóg, bearta chun gnáthóga speiceas a fheabhsú agus a bpobail a mhéadú nó bearta chun brú ó ghníomhaíochtaí eile ar an gcomhshaol a laghdú. Trí ghlanrannchuidiú dearfach leis an mbithéagsúlacht a chúiteamh thar bhearta fritháirimh, áirithítear cothrom iomaíochta i measc tairgeoirí iomaíocha a bhfuil tionchair éagsúla ag a dtionscadail agus soláthraítear dreasacht leo chun tionchair dhiúltacha a sheachaint nó a íoslaghdú.

(24) Tá éifeachtúlacht fuinnimh ríthábhachtach chun spriocanna uaillmhianacha an Aontais a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990, mar a leagtar amach sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Ina theannta sin, is príomhthoisc í an éifeachtúlacht fuinnimh freisin maidir le praghsanna fuinnimh a laghdú agus athléimneacht sholáthar fuinnimh an Aontais a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin aistriú glas atá cóir agus sábháilte a chumasú.

([18]) *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche], COM(2020) 98 final.

([19]) Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj).

([20]) *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], COM/2020/380 final.

([21]) Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 (IO L, 2024/1991, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1991/oj).

(25) Is féidir le ceantanna rannchuidiú le héifeachtúlacht fuinnimh trí chritéir réamhcháiliúcháin nó dhámhachtana a áireamh, ag céim an mheasúnaithe ar an rannchuidiú inbhuanaitheachta, lena sainaithnítear na táirgí a ndéanfar measúnú ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh agus, i gcás gach táirge, an mhodheolaíocht mheasúnaithe is infheidhme. Ba cheart na critéir a shocrú, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]) nó leis na tagarmharcanna éifeachtúlachta fuinnimh a shonraítear sna bearta cur chun feidhme arna nglacadh faoi Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]).

(26) Tá bainistiú inbhuanaithe uisce tábhachtach d'athléimneacht an Aontais, agus mar thoradh ar mhíbhainistiú struchtúrach an uisce tá díghrádú agus truailliú déanta don acmhainn fhinideach sin agus do na héiceachórais a bhaineann le huisce. Le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]), bunaíodh samhail chomhtháite do bhainistíocht cháilíocht an uisce, agus is é is aidhm do bheartas uisce an Aontais rochtain a thabhairt do mhuintir na hEorpa ar uisce leordhóthanach ar ardchaighdeán, dea-stádas na ndobharlach uile ar fud na hEorpa a ráthú chomh maith le hinfhaighteacht leordhóthanach, chothrom agus chomhionann uisce a áirithiú do gach earnáil a úsáideann uisce, lena n-áirítear an earnáil tionsclaíoch. Bíonn tionchar ag roinnt teicneolaíochtaí glan-nialasachta ar uisce le linn a gcéime úsáide trí uisce a úsáid nó fuíolluisce a sceitheadh isteach i ndobharlaigh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha critéir inbhuanaitheachta comhshaoil neamhphraghais a bhaineann le huisce a dhearadh i gceantanna le haghaidh teicneolaíochtaí den sórt sin.

(27) Príomhghné eile den Chomhaontú Glas don Eoraip is ea an truailliú a laghdú, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú. Leagtar amach sa phlean an sprioc maidir le truailliú aeir, uisce agus ithreach a laghdú go leibhéil nach meastar a bheith díobhálach a thuilleadh don tsláinte agus d'éiceachórais nádúrtha agus lena n-urramaítear na teorainneacha ar féidir lenár bpláinéad dul i ngleic leo. Is féidir le ceantanna le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta cuidiú le truailleáin a laghdú trí chritéir réamhcháiliúcháin nó critéir dhámhachtana a leagan síos maidir le leibhéil truaillithe. Má chinneann na húdaráis ábhartha na critéir sin a úsáid, ba cheart modheolaíochtaí, tairseacha agus sásraí comhlíontachta ábhartha a shainiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus a bheith bunaithe air, i gcás ina mbeidh fáil air, agus na critéir a leagtar síos i bhFoscríbhinn C a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 ón gCoimisiún ([25]) á gcur san áireamh de réir mar is infheidhme.

(28) Tá an nuálaíocht ríthábhachtach don iomaíochas, don fhás eacnamaíoch agus do chur chun feidhme tapa an fhuinnimh in-athnuaite. Le Treoir (AE) 2018/2001, féachtar leis an nuálaíocht in úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn trí sprioc tháscach a leagan síos maidir le teicneolaíocht nuálach fuinnimh in-athnuaite arb é atá ann 5 % ar a laghad de thoilleadh fuinnimh in-athnuaite nuashuiteáilte faoi 2030. Le comhtháthú na gcritéar nuálaíochta i ndearadh ceantanna, ba cheart forbairt réiteach atá go hiomlán nua nó feabhsú réiteach a théann níos faide ná an úrscothacht a chur chun cinn. Cruthóidh sé sin creat láidir lena spreagfar glacadh teicneolaíochtaí ceannródaíocha, lena n-áiritheofar conair inbhuanaithe iomaíoch i dtreo na haeráidneodrachta.

(29) Agus nuálaíocht á húsáid mar chritéar réamhcháiliúcháin nó dámhachtana i gceantanna, is iomchuí idirdhealú a dhéanamh idir dhá chineál ceantanna. Ar an gcéad dul síos, is iad na cineálacha ceantanna is coitianta na ceantanna sin nach ndíríonn go sonrach ar an nuálaíocht mar phríomhspreagadh don cheant, ach arb é a bpríomhchuspóir foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid. Cé nach bhfuil sé d'aidhm ag na ceantanna sin an nuálaíocht a chur chun cinn *per se*, is féidir gnéithe áirithe a thugann luach saothair don nuálaíocht a chur isteach i ndearadh an cheant mar chritéir dhámhachtana nó mar chritéir réamhcháiliúcháin. Is féidir tagairt don dara fothacar níos lú de cheantanna mar cheantanna le haghaidh na nuálaíochta amháin, arb é is príomhchuspóir dóibh nuálaíocht a chur chun cinn atá nasctha le cur in úsáid amach anseo foinsí fuinnimh in-athnuaite, ar nós tionscadail fuinnimh toinne, tionscadail fuinnimh taoide nó tionscadail tuirbíní gaoithe eitleog-iompartha.

([22]) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1369/oj).

([23]) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú) (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/125/oj).

([24]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

([25]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú nó leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí sonrach maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin (IO L, 2023/2486, 21.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2486/oj).

(30) Sa dá chineál ceantanna ina n-áirítear nuálaíocht mar chritéar réamhcháiliúcháin nó dámhachtana, ba cheart do na húdaráis ábhartha measúnú a dhéanamh i gcónaí ar rannchuidiú na dtionscadal is iarrthóirí le híosleibhéal feabhais ar phríomhtháscairí feidhmíochta chun a áirithiú go soláthróidh an tionscadal réitigh, teicneolaíochtaí nó feabhsuithe a théann thar an úrscothacht atá ar fáil ar an margadh cheana féin agus atá i gcoibhneas le hábhar an cheant. Rogha na bpríomhtháscairí feidhmíochta ar ina gcoinne a gcuirfear an nuálaíocht i gcomparáid le réitigh agus teicneolaíochtaí úrscothacha, braitheann sí ar an gcuspóir beartais phoiblí atá á shaothrú ag na Ballstáit. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, príomhtháscairí feidhmíochta lena dtomhaistear feabhsuithe ar éifeachtúlacht giniúna fuinnimh na teicneolaíochta, in-athchúrsáilteacht, solúbthacht an réitigh nó na teicneolaíochta chun comhtháthú an chórais fuinnimh a chur chun cinn, spleáchas níos ísle ar amhábhair, fad saoil na teicneolaíochta, tionchar comhshaoil níos ísle nó príomhtháscairí feidhmíochta eile ag brath ar an gcuspóir sonrach poiblí a shaothraítear tríd an gcritéar nuálaíochta neamhphraghais a chur san áireamh.

(31) I gceantanna le haghaidh nuálaíochta amháin, agus critéir réamhcháiliúcháin á dtabhairt isteach chun measúnú a dhéanamh ar an nuálaíocht, ba cheart aibíocht na réiteach nó na dteicneolaíochtaí atá beartaithe a chur san áireamh freisin chun a ráthú go gcomhlíonann an tionscadal is iarrthóir na cuspóirí tairisceana agus nach bhfuil na nuálaíochtaí atá beartaithe ag céim chomh luath sin den fhorbairt nach dtiocfaidh siad chun cinn. I gcás ceantanna nach ndíríonn go sonrach ar an nuálaíocht, ba cheart cead a bheith ag na húdaráis ábhartha freisin leibhéal áirithe aibíochta na dtionscadal tairisceana a éileamh chun nach bhfaighfear tairiscintí ag céimeanna an-luath forbartha nach dócha go gcomhlíonfaidh siad cuspóirí an cheant.

(32) Tá scaipeadh eolais ar na forbairtí nuálacha is déanaí fíor-riachtanach chun an nuálaíocht a spreagadh a thuilleadh, go háirithe i gcás ceantanna le haghaidh nuálaíochta amháin ([26]). Ba cheart d'údaráis ábhartha na mBallstát a áireamh mar chritéir réamhcháiliúcháin nó dhámhachtana an gá atá le torthaí an tionscadail a n-éiríonn leis a scaipeadh trí chomhdhálacha, trína bhfoilsiú, trí stórtha rochtana oscailte nó bogearraí saor in aisce/bogearraí foinse oscailte agus, cibé uair is ábhartha, trí shonraí oibríochtúla ábhartha, ar choinníoll go gcuirtear bearta rúndachta leordhóthanacha i bhfeidhm. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart dóibh a éileamh go gcuirfear ar fáil leis an tairiscint a n-éiríonn léi, ar bhonn tráthúil, ceadúnais le haghaidh torthaí taighde ó thionscadail taighde agus forbartha dá dtugtar cabhair, ar torthaí iad atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla, agus go gcuirfear ar fáil iad ar mhargadhphraghas agus ar bhonn neamheisiach agus neamh-idirdhealaitheach lena n-úsáid ag páirtithe leasmhara in LEE. I gcás ceantanna nach ndíríonn go sonrach ar an nuálaíocht, ba cheart cead a bheith ag údaráis ábhartha na mBallstát an cineál sin ceanglais scaipthe eolais a áireamh mar chritéir réamhcháiliúcháin nó dhámhachtana.

(33) Le tabhairt isteach suiteálacha fuinnimh in-athnuaite athraitheacha nua, tá dúshláin shonracha roimh an gcóras leictreachais amhail an gá atá le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna plódaithe eangaí agus cobhsaíocht eangaí a choinneáil ar bun an tráth céanna. Is iondúil go dtugtar aghaidh ar na riachtanais sin trí athsheoladh agus trí réitigh eile lena mbaineann costas don chóras. Trí chomhtháthú an chórais fuinnimh a thabhairt isteach mar chritéar neamhphraghais i gceantanna fuinnimh in-athnuaite, is féidir na costais chórais sin a mhaolú trí aghaidh a thabhairt ar an tionchar ar an gcóras chun an tionscadal fuinnimh in-athnuaite a oibriú.Mar sin féin, ní féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais an chórais fuinnimh trí chritéir neamhphraghais i gceantanna fuinnimh in-athnuaite amháin, agus tá gá le réitigh shistéamacha, lena n-áirítear pleanáil gréasáin, gnéithe rialála, comharthaí margaidh nó taraifí gréasáin.

(34) Ba cheart critéir neamhphraghais le haghaidh chomhtháthú an chórais fuinnimh a dhearadh ar bhealach lenar féidir leis na teicneolaíochtaí agus na réitigh uile a d'fhéadfadh cuidiú le haghaidh a thabhairt ar riachtanais an chórais shainaitheanta a bheith rannpháirteach. Má tá údar cuí leis ar bhonn riachtanais an chórais shainaitheanta nó má cheadaítear é i ndlí an Aontais, ba cheart ceantanna a dhíriú freisin ar theicneolaíocht nó ar réiteach amháin nó níos mó. D'fhéadfaí na teicneolaíochtaí nó na réitigh sin a áireamh sna hinfheistíochtaí atá beartaithe sa tionscadal tairisceana nó a fháil trí chonradh le tríú páirtí fad is gur infheistíocht nua iad. Leis an bhféidearthacht sin, beidh tairgeoirí in ann na réitigh is costéifeachtaí a roghnú. Chun measúnú a dhéanamh ar an méid a rannchuidíonn teicneolaíochtaí agus réitigh éagsúla le córas áirithe, d'fhéadfadh uirlisí samhaltaithe a bheith ag teastáil lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis meastachán a dhéanamh ar thionchar cásanna leis an tionscadal tairisceana agus gan an tionscadal tairisceana ar an gcóras fuinnimh ar bhealach oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach. D'fhéadfadh cineálacha cur chuige malartacha díriú ar athróga oibiachtúla agus infhíoraithe a fheidhmíonn mar ionadaithe le haghaidh riachtanais ghinearálta an chórais nó mar ionadaithe le haghaidh rannchuidiú teicneolaíochtaí sonracha, agus pleanáil gréasáin á cur san áireamh go háirithe. Mar sin féin, tá an baol ann leis na cineálacha cuí chuige malartacha sin go ndéanfar gannmheastachán ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal is iarrthóir ar an gcóras.

([26]) D'fhéadfadh cur chun cinn scaipthe eolais a bheith ábhartha freisin do chineálacha eile ceantanna in-athnuaite seachas iad siúd a thugann luach saothair don nuálaíocht.

(35) Agus comhtháthú an chórais fuinnimh á chur san áireamh mar chritéar ina ndearadh ceant, ba cheart do na húdaráis ábhartha rannchuidiú na dtionscadal tairisceana le haghaidh a thabhairt ar riachtanais an chórais a chur san áireamh, ar bhonn na dtrí phríomhpharaiméadar seo a leanas: rannchuidiú na dtionscadal tairisceana le riachtanais an chórais leictreachais ó thaobh ama de; a rannchuidiú le naisc a bhunú ar fud iompróirí fuinnimh; agus a rannchuidiú leis an gcóras leictreachais ó thaobh suímh de.

(36) I gcás ina ndéantar measúnú ó thaobh ama de ar rannchuidiú na dtionscadal tairisceana le haghaidh a thabhairt ar riachtanais an chórais leictreachais, ba cheart an raon leathan réiteach, lena n-áirítear stóráil fuinnimh agus freagairt don éileamh, a d'fhéadfadh rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí a chruthaítear le héagsúlachtaí sa ghiniúint in-athnuaite agus san éileamh ar leictreachas a chur san áireamh. Faoi chuimsiú ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur in úsáid, trí úsáid a bhaint as sócmhainní lenar féidir giniúint, soláthar leictreachais nó tomhaltas na dtionscadal tairisceana a mhodhnú, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar riachtanais an chórais trí sholúbthacht ama a sholáthar. Is féidir é sin a bhaint amach, mar shampla, trí theaglaim de roinnt teicneolaíochtaí giniúna in-athnuaite, teaglaim de shócmhainní giniúna agus sócmhainní stórála leictreachais nó teaglaim de shócmhainní giniúna agus sócmhainní éilimh nó réitigh a d'fhéadfadh an t-éileamh ar leictreachas a mhéadú nó a laghdú nuair is gá.

(37) I gcás ina ndéantar measúnú ar rannchuidiú an tionscadail tairisceana le naisc a bhunú ar fud iompróirí fuinnimh, ba cheart an acmhainneacht chun fuinneamh in-athnuaite a aistriú ó iompróir fuinnimh amháin go hiompróir fuinnimh eile trí shócmhainní tiontaithe fuinnimh a chur san áireamh. Tagraíonn naisc ar fud iompróirí fuinnimh go háirithe do leictreachas in-athnuaite a thiontú ina iompróir fuinnimh difriúil, amhail teas nó hidrigin, lena thomhailt in earnáil éilimh nach n-ídíonn leictreachas go díreach. Ar an gcaoi sin, le dícharbónú de réir a chéile an chórais leictreachais lena rannchuidíonn an tionscadal tairisceana, is féidir dícharbónú na n-earnálacha éilimh nach n-úsáideann leictreachas a chumasú, amhail teas i roinnt foirgneamh cónaithe nó tionsclaíoch nó hidrigin i bpróisis thionsclaíocha áirithe. Dá bhrí sin, rannchuidíonn naisc ar fud iompróirí fuinnimh le riachtanais an chórais fuinnimh chun dícharbónú a bhaint amach nuair is é an chonair is costéifeachtaí é. Ina theannta sin, le sócmhainní tiontaithe fuinnimh lena mbunaítear na naisc sin ar fud iompróirí fuinnimh, ar nós leictrealóirí nó saoráidí giniúna agus stórála teasa, cuidítear freisin le haghaidh a thabhairt ar riachtanais solúbthachta ama in earnáil an leictreachais.

(38) I gcás ina ndéantar measúnú ar rannchuidiú an tionscadail tairisceana le riachtanais an chórais leictreachais ó thaobh suímh de, ba cheart díriú ar an idirghníomhaíocht idir toipeolaíocht na heangaí agus suíomh na sócmhainní giniúna agus tomhaltais, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le saincheisteanna plódaithe eangaí agus úsáid níos ísle fuinnimh in-athnuaite. Dá bhrí sin, is féidir le suíomh optamach na dtionscadal nua giniúna fuinnimh in-athnuaite agus an phointe nasctha eangaí cuidiú le saincheisteanna plódaithe eangaí a mhaolú agus tá sé ríthábhachtach do riachtanais an chórais leictreachais. Dá bhrí sin, is féidir le ceantanna teorainn a chur le rannpháirtíocht do thionscadail atá lonnaithe i limistéir réamhshainithe inar féidir leo plódú eangaí a laghdú nó pointí a shannadh do thionscadail tairisceana ar bhonn a dtionchar suímh.

(39) Chun éifeachtacht na gcritéar a shonraítear sa Rialachán seo i gceantanna fuinnimh in-athnuaite a áirithiú, ba cheart d'údaráis ábhartha na mBallstát modheolaíocht a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar na critéir neamhphraghais a shonraítear sa Rialachán seo, sásraí faireacháin agus ráthaíochtaí iomchuí a thabhairt isteach chun comhlíonadh na gcritéar sin agus pionóis iomchuí a áirithiú i gcás neamhchomhlíonta. Ba cheart na ráthaíochtaí agus na pionóis sin a shocrú ar leibhéal lena ndéanfar cothromaíocht idir an gá atá le tairiscintí iomaíocha a áirithiú agus, an tráth céanna, cuideachtaí a dhíspreagadh ó thairiscint a dhéanamh gan rún daingean a bheith acu an tionscadal a bhaint amach agus sonraíochtaí an tionscadail a chomhlíonadh. Ba cheart leibhéal na ráthaíochtaí agus na bpionós a dhearadh ar bhealach ina mbeidh sé níos costasaí do na tairgeoirí gan na sonraíochtaí ceantála a chomhlíonadh ná an costas a sheasamh agus iad a chomhlíonadh.

(40) I gcás roinnt critéar, d'fhéadfadh sé gur ghá comhlíonadh a léiriú ar feadh shaolré an tionscadail, mar shampla an rannchuidiú le comhtháthú an chórais fuinnimh, leis an gcibearshlándáil nó le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, d'fhéadfadh sé gur ghá faireachán buan a dhéanamh air. Is iomchuí rialacha comhchuibhithe a thabhairt isteach maidir le huainiú fhíorú na comhlíontachta sin. Ba cheart do gach tairgeoir i gceant gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais agus na sonraíochtaí ceantála uile a áirítear ina dtairiscint nuair a chuireann siad a dtairiscint isteach. Is féidir léiriú ar chomhlíontacht iarbhír leis na ceanglais a eascraíonn as na critéir éagsúla neamhphraghais agus as na ceanglais cheantála eile a dhéanamh ag pointí éagsúla ama, ar cheart d'údaráis ábhartha na mBallstát iad a shainiú i gcás inarb ábhartha.

(41) Ba cheart do thairgeoirí doiciméadacht shonrach a sholáthar chun comhlíonadh critéar áirithe neamhphraghais a chruthú. Chun comhlíonadh na gcritéar réamhcháiliúcháin maidir le hiompar freagrach gnó i gceantanna le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite a chruthú, ba cheart d'údaráis ábhartha na mBallstát ráitis dearbhaithe tríú páirtí maidir le dícheall cuí a éileamh. Chun cur chun feidhme éifeachtach beart bainistíochta riosca cibearshlándála a léiriú, ba cheart don tairgeoir plean cibearshlándála a chur isteach agus é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta. I gcás inarb ábhartha, féadfaidh na húdaráis a cheangal ar thairgeoirí agus ar a soláthróirí dul faoi iniúchtaí slándála tráthrialta arna ndéanamh ag tríú páirtithe neamhspleácha agus torthaí na n-iniúchtaí sin a chur i láthair ar bhonn tráthrialta.

(42) Tá an Rialachán seo gan dochar d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2018/2001 agus d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus d'oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais. Ba cheart d'údaráis ábhartha na mBallstát critéir réamhcháiliúcháin nó dhámhachtana a thabhairt isteach i gceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun úsáide i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus i gcomhréir leis an gceanglas ábhartha maidir le bearta sriantacha a fhorchur ar fhorais na slándála agus an oird phoiblí. Ba cheart do chritéir den sórt sin dlí an Aontais a chomhlíonadh agus gan dul thar an dlí sin agus ba cheart dóibh a bheith comhsheasmhach le gealltanais arna dtabhairt faoi chomhaontuithe trádála agus infheistíochta a bhfuil an tAontas nó na Ballstáit ina pháirtí iontu agus faoi shocruithe trádála agus infheistíochta lena gcloíonn an tAontas nó an Ballstát.

(43) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir leis an Aontas Fuinnimh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR, SAINMHÍNITHE AGUS PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo sonraíochtaí le haghaidh na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'comhphobal fuinnimh in-athnuaite' comhphobal fuinnimh in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2(16) de Threoir (AE) 2018/2001;

(2) ciallaíonn 'dícheall cuí' próiseas trína ndéanann cuideachtaí na tionchair dhiúltacha chomhshaoil agus shóisialta a eascraíonn as a ngníomhaíochtaí gnó a bhaineann leis an gceant a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, agus trína dtugann siad cuntas ar an gcaoi a dtugann siad aghaidh orthu; áirítear leo sin tionchair dhiúltacha a bhaineann le hoibríochtaí na cuideachta féin agus lena slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach, lena n-áirítear trína táirgí agus trína seirbhísí, agus trína gaolmhaireachtaí gnó chomh maith;

(3) ciallaíonn 'córas gréasán agus faisnéise' córais gréasán agus faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe 1, de Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]);

([27]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

(4) ciallaíonn ‘slándáil córas gréasán agus faisnéise’ slándáil córas gréasán agus faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (2), de Threoir (AE) 2022/2555;

(5) ciallaíonn ‘rialú oibriúcháin’ an t-údarás chun beartais oibriúcháin a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme lena rialaítear gníomhaíochtaí, próisis agus acmhainní ó lá go lá chun feidhmiú rianúil suiteála a áirithiú, agus go háirithe feidhmiú rianúil a córas gréasán agus faisnéise;

(6) ciallaíonn ‘cóimeáil’ modúil fhótavoltaigh comhtháthú agus idirnascadh sraith ceall fótavoltach nó comhpháirteanna coibhéiseacha mar a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún in aon aonad amháin;

(7) ciallaíonn ‘lorg carbóin’ suim na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa i gcóras táirge, agus na gníomhaíochtaí ábhartha uile laistigh de theorainn spásúil agus ama an chórais á gcur san áireamh, arna sloinneadh mar choibhéisí dé-ocsaíde carbóin arna measúnú ar bhonn acmhainneacht téimh dhomhanda 100 bliain agus arna ríomh ar bhonn staidéar measúnaithe saolré agus úsáid á baint as catagóir tionchair aonair an athraithe aeráide;

(8) ciallaíonn ‘geilleagar ciorclach’ córas eacnamaíoch trína bhféadfaí luach na dtáirgí, na n-ábhar agus na n-acmhainní eile sa gheilleagar a chothabháil chomh fada agus is féidir, feabhas a chur ar a n-úsáid éifeachtúil sa táirgeadh agus sa tomhaltas, agus an tionchar atá ag a n-úsáid ar an gcomhshaol a laghdú ar an gcaoi sin, agus dramhaíl a íoslaghdú agus substaintí guaiseacha a scaoileadh i ngach céim dá saolré, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm ord na réiteach dramhaíola;

(9) ciallaíonn ‘tionchar bithéagsúlachta’ aon athrú ar an mbithéagsúlacht ar nós flúirse nó dáileadh speiceas nó dáileadh, struchtúr agus feidhmeanna gnáthóg agus éiceachóras mar éifeacht dhíreach nó indíreach teicneolaíochtaí glan-nialasachta feadh a saolré;

(10) ciallaíonn ‘éifeachtúlacht fuinnimh’ an cóimheas idir an t-aschur fuinnimh agus an t-ionchur fuinnimh i gcás táirgí giniúna fuinnimh, nó an éifeachtúlacht tiontaithe, i.e. an cóimheas idir an t-aschur fuinnimh agus an t-ionchur fuinnimh i gcás táirgí tiontaithe fuinnimh agus stórála fuinnimh;

(11) ciallaíonn ‘truailliú’ truailliú mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2), de Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]) agus, i gcás truailliú a bhaineann le huisce, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(33) de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(12) ciallaíonn ‘solúbthacht ama’ cumas rannpháirtithe sa mhargadh patrúin giniúna, soláthar leictreachais eangaí agus tomhaltais a oiriúnú chun rannchuidiú le riachtanais an chórais ar fud na dtréimhsí ama ábhartha, go ginearálta trí fhreagairt do chomharthaí margaidh, go háirithe in earnáil an leictreachais;

(13) ciallaíonn ‘tionchar suímh’ cumas rannpháirtithe sa mhargadh cuidiú le haghaidh a thabhairt ar riachtanais an chórais leictreachais ar bhonn roghnú an láithreáin agus ar bhonn an phointe nasctha eangaí;

(14) ciallaíonn ‘nasc ar fud iompróirí fuinnimh’ an cumas atá ag rannpháirtithe sa mhargadh fuinneamh a aistriú ó iompróir fuinnimh amháin go hiompróir fuinnimh eile trí shócmhainní tiontaithe fuinnimh.

Airteagal 3

Prionsabail Ghinearálta

Comhlíonfaidh critéir neamhphraghais i gceantanna de bhun Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2024/1735 na prionsabail ghinearálta seo a leanas:

(a) saineofar iad agus déanfar meastóireacht orthu ar bhealach oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, agus cuspóirí beartais an cheant agus rannchuidiú féideartha gach teicneolaíochta leis na cuspóirí sin á gcur san áireamh;

([28]) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) IO L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj).

(b) léireoidh siad aibíocht mhargaidh na dteicneolaíochtaí a dtugtar aghaidh orthu agus féadfar iad a dhearadh trí rannpháirtithe leasmhara ábhartha sa mhargadh, lena n-áirítear forbróirí, monaróirí, an tsochaí shibhialta agus saineolaithe, a rannpháirtiú sna critéir éagsúla neamhphraghais a áirítear sa cheant;

(c) rannchuideoidh siad le cur chun úsáide tapa, éifeachtúil agus inbhuanaithe fuinnimh in-athnuaite ar bhealach iomaíoch, meallfaidh siad infheistíocht phríobháideach agus soláthróidh siad tairbhí amhail cinnteacht infheistíochta;

(d) áiritheoidh siad próiseas tairisceana iomaíoch agus seachnóidh siad bacainní iontrála dosháraithe gan údar agus costais dhíréireacha a chruthú, agus cuideachtaí gan rún daingean acu an tionscadal a bhaint amach agus sonraíochtaí an tionscadail a chomhlíonadh á ndíspreagadh ó thairiscint an tráth céanna;

(e) cuirfear i bhfeidhm iad i gcomhréir le dlí an Aontais agus le gealltanais an Aontais de bhun comhaontuithe idirnáisiúnta trádála agus infheistíochta;

(f) úsáidfidh siad modhanna measúnaithe dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais le haghaidh na teicneolaíochta glan-nialasachta sin, i gcás ina mbeidh fáil orthu;

(g) i gcás ina socraítear le gníomhartha tarmligthe faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/1781 aicmí feidhmíochta i ndáil le teicneolaíochtaí glan-nialasachta, beidh critéir ábhartha an cheant le haghaidh cur chun feidhme na teicneolaíochta glan-nialasachta sin bunaithe ar na haicmí feidhmíochta sin.

CAIBIDIL II

CRITÉIR RÉAMHCHÁILIÚCHÁIN SAINORDAITHEACHA

Airteagal 4

Iompar gnó freagrach

1. Leis na critéir réamhcháiliúcháin a bhaineann le hiompar freagrach gnó, ceanglófar ar thairgeoirí, ach amháin más daoine nádúrtha iad, cuideachtaí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE mar a shainmhínítear in Airteagail 19a agus 29a di agus sna modhnuithe a rinneadh orthu ina dhiaidh sin nó comhphobail fuinnimh in-athnuaite, gníomhaíocht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt, ina ngníomhaíochtaí gnó a bhaineann leis an gceant, ar phríomhghnéithe an díchill chuí a leagtar amach in Airteagal 5 (1) pointí (a) go (g) de Threoir (AE) 2024/1760 i dtaca le Dícheall Cuí Corparáideach Inbhuanaitheachta.

2. Ceanglóidh na húdaráis ábhartha ar thairgeoirí, ach amháin más daoine nádúrtha iad, cuideachtaí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE mar a shainmhínítear in Airteagail 19a agus 29a di agus sna modhnuithe a rinneadh orthu ina dhiaidh sin nó comhphobail fuinnimh in-athnuaite, cumarsáid phoiblí a dhéanamh maidir lena n-iompar freagrach gnó trí bhíthin ráiteas poiblí lena gcumhdaítear ar a laghad na príomhghnéithe a liostaítear faoi phointe 61(a) go (e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772.

3. Ceanglóidh na húdaráis ábhartha ar dhaoine nádúrtha, ar chuideachtaí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE mar a shainmhínítear in Airteagail 19a agus 29a di agus sna modhnuithe a rinneadh orthu ina dhiaidh sin agus ar phobail fuinnimh in-athnuaite a chuireann tairiscint i láthair maidir le tionscadail ag a bhfuil toilleadh os cionn 10 MW tuairisciú a dhéanamh, ina ngníomhaíochtaí gnó a bhaineann leis an gceant, maidir le príomhghnéithe an díchill chuí a leagtar amach i bpointe 61 (c) agus (d) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 nó trí chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a úsáid le haghaidh úsáid dheonach a mholtar ar leibhéal an Aontais, i gcás ina mbeidh fáil orthu.

4. Féadfaidh na húdaráis ábhartha míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm maidir le daoine nádúrtha, cuideachtaí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE mar a shainmhínítear in Airteagail 19a agus 29a di agus sna modhnuithe a rinneadh orthu ina dhiaidh sin agus ar phobail fuinnimh in-athnuaite a chuireann tairiscint i láthair maidir le tionscadail ag a bhfuil toilleadh os cionn 10 MW. Má chuireann siad na míreanna sin i bhfeidhm maidir leis na tairgeoirí sin, ní bheidh feidhm ag mír 3

Airteagal 5

Cibearshlándáil agus slándáil sonraí (critéir réamhcháiliúcháin)

Leis na critéir réamhcháiliúcháin a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus leis an tslándáil sonraí, ceanglófar ar thairgeoirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach a dhéanamh lena léirítear prionsabail na slándála trí dhearadh agus mar réamhshocrú chun slándáil córas gréasán agus faisnéise na suiteála fuinnimh in-athnuaite a áirithiú lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, bearta a liostaítear in Airteagal 21(2) de Threoir (AE) 2022/2555;

(b) i gcás ina bhfuil an tairgeoir, 9 mí nó níos mó roimh fhoilsiú ceant a thagann faoi raon feidhme Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735, faoi réir dlínse tríú tír lena gceanglaítear ar an tairgeoir faisnéis maidir le leochaileachtaí bogearraí nó crua-earraí a thuairisciú d'údaráis an tríú tír sin sula bhfuiltear ar an eolas gur saothraíodh na leochaileachtaí sin nó sula mbeidh ráiteas poiblí ann thar ceann an Aontais nó an Bhallstáit a dhéanann an ceant go ndearna gníomhaithe bagartha atá ag feidhmiú laistigh de chríoch an tríú tír sin cibirghníomhaíochtaí mailíseacha nó cibearfheachtais mhailíseacha, plean cibearshlándála a chur i láthair ina leagtar amach conas a ráthaíonn an tairgeoir slándáil na suiteála agus an chórais fhoriomláin agus, go sonrach, na bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar sonraí a úsáidtear nó a ghintear ina ngníomhaíochtaí gnó a bhaineann leis an gceant a stóráil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus nach n-aistrítear amach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad;

(c) a áirithiú agus a léiriú, i gcás ina mbraitheann an tairgeoir ar sholáthróirí le haghaidh soláthar táirgí TFC a úsáidtear sa tsuiteáil fuinnimh in-athnuaite nó le haghaidh seirbhísí TFC a bhaineann lena hoibriú, go ndéanann na soláthróirí na bearta dá dtagraítear i bpointe a) agus i gcás ina gcomhlíonann na soláthróirí sin ceachtar den dá choinníoll a leagtar amach i bpointe b) do thairgeoirí, go ndéanfaidh na soláthróirí sin na bearta dá dtagraítear i bpointe b);

(d) a áirithiú go gcoinneoidh oibreoir atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch rialú oibríochtúil na suiteála ar bun.

Airteagal 6

An cumas an tionscadal a sheachadadh go hiomlán agus in am

1. Leis na critéir réamhcháiliúcháin a bhaineann leis an gcumas an tionscadal a sheachadadh go hiomlán agus in am, ceanglófar ar thairgeoirí dhá cheann nó níos mó de na doiciméid seo a leanas a sholáthar:

(a) doiciméadacht chun an tairgeoir nó na tairgeoirí a shainaithint i gcás cuibhreannas tairisceana;

(b) doiciméadacht lena léirítear comhlíonadh na ndlíthe is infheidhme, lena n-áirítear aon chead ábhartha is gá chun an tionscadal a thógáil agus a oibriú nó doiciméadacht lena léirítear incháilitheacht chun na ceadanna sin a fháil;

(c) doiciméadacht maidir le staid airgeadais agus eacnamaíoch na cuideachta lena gcruthaítear a gcumas airgeadais an tionscadal a chur i gcrích agus aghaidh a thabhairt ar dhliteanais fhéideartha seachas comhdú i gcás féimheachta nó gan aghaidh a thabhairt ar na dliteanais sin ar bhealaí eile, amhail ceanglais maidir le glanfhiúchas íosta, brabúis nó rátálacha fiachais fadtéarmacha;

(d) tuairisc ar an tionscadal i gcomhréir leis na ceanglais a áirítear sna sonraíochtaí ceant;

(e) fianaise ar indéantacht theicniúil, eolas agus taithí chun an tionscadal a chur i gcrích, lena n-áirítear fianaise ar thaithí roimhe seo ar thionscadail chomhchosúla a chur i gcrích;

(f) tráthchlár chun an tionscadal a thógáil agus a oibriú, lena n-áirítear dátaí na gcéimeanna idirmheánacha ábhartha uile as a dtiocfaidh cur i gcrích an tionscadail.

2. Déanfar na ceanglais i mír 1 den airteagal seo a mhodhnú ag brath ar chostais an tionscadail, rioscaí an tionscadail, acmhainneacht an tionscadail, aibíocht na teicneolaíochta, an méid nuálaíochta a cheanglaítear leis an gceant agus dálaí margaidh ábhartha eile.

CAIBIDIL III

RANNCHUIDIÚ ATHLÉIMNEACHTA

Airteagal 7

Rannchuidiú athléimneachta

1. I gcás inar chinn an Coimisiún, 9 mí nó níos mó roimh lá foilsithe ceant a thagann faoi raon feidhme Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) den Rialachán sin gur de thionscnamh tríú tír aonair níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas de na táirgí deiridh teicneolaíochtaí glan-nialasachta dá dtagraítear i bpointí (a) go (f) den fhomhír seo, nó gur tháinig méadú 10 bpointe céatadáin ar a laghad ar an meán ar an soláthar laistigh den Aontas de na táirgí deiridh teicneolaíochtaí glan-nialasachta dá dtagraítear i bpointí (a) go (f) den fhomhír seo atá de thionscnamh tríú tír aonair ar feadh 2 bhliain as a chéile agus go sroicheann sé sin 40 % ar a laghad den soláthar laistigh den Aontas, ní cheadóidh na húdaráis ábhartha rannpháirtíocht sa cheant, agus ní dhéanfaidh siad pointí a dhámhachtain, ach amháin i gcás tairiscintí a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas maidir leis na táirgí deiridh agus na príomh-chomhpháirteanna sonracha a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 atá mar chuid den tairiscint:

(a) I gcás teicneolaíochtaí fótavoltachais, ní dhéantar na táirgí deiridh a chóimeáil sa tríú tír sin agus ní de thionscnamh an tríú tír sin ceithre phríomh-chomhpháirt shonracha arna n-úsáid ar a laghad. Níl na hinbhéartóirí fótavoltacha ná na cealla fótavoltacha nó a gcoibhéis de thionscnamh an tríú tír sin agus ní dhéantar na modúil fhótavoltacha a chóimeáil sa tríú tír sin.

(b) I gcás teicneolaíochtaí gaoithe ar talamh, ní de thionscnamh an tríú tír sin na táirgí deiridh agus ní thagann níos mó ná trí phríomh-chomhpháirt shonracha ón tríú tír sin. Ní de thionscnamh an tríú tír sin iad gléasraí cumhachta tiomána dírí (lena n-áirítear gineadóir) agus/nó gléasraí cumhachta giarbhosca (lena n-áirítear gineadóir).

(c) I gcás teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta, ní de thionscnamh an tríú tír sin na táirgí deiridh agus ní thagann níos mó ná ceithre phríomh-chomhpháirt shonracha ón tríú tír sin. Ní de thionscnamh an tríú tír sin iad gléasraí cumhachta tiomána dírí (lena n-áirítear gineadóir) agus/nó gléasraí cumhachta giarbhosca (lena n-áirítear gineadóir).

(d) I gcás leictrealóirí, ní de thionscnamh an tríú tír sin na táirgí deiridh agus ní thagann níos mó ná dhá phríomh-chomhpháirt shonracha ón tríú tír sin. Níl an cuach de thionscnamh an tríú tír sin.

(e) I gcás teicneolaíochtaí teaschaidéil, ní de thionscnamh an tríú tír sin na táirgí deiridh agus ní thagann níos mó ná príomh-chomhpháirt shonrach amháin ón tríú tír sin.

(f) I gcás na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta uile a thagann faoi raon feidhme Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735, seachas iad siúd a liostaítear i bpointí (a) go (e), ní de thionscnamh an tríú tír sin na táirgí deiridh.

I gcás inar chinn an Coimisiún, 9 mí nó níos mó roimh lá foilsithe an cheant ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2024/1735, sa bhreis ar na coinníollacha a luaitear sa chéad fhomhír, gur de thionscnamh tríú tír aonair níos mó ná 85 % den soláthar laistigh den Aontas de phríomh-chomhpháirt shonrach amháin nó níos mó, ní cheadóidh na Ballstáit rannpháirtíocht sa cheant, nó ní dhéanfaidh siad pointí a dhámhachtain, ach amháin i gcás tairiscintí ar ina leith, i gcás ceann amháin ar a laghad de na príomh-chomhpháirteanna sonracha sin, nach mó ná 85 % cainníocht na comhpháirte sin de thionscnamh an tríú tír sin.

I gcás ina bhfoilsítear ceantanna níos lú ná 9 mí tar éis an lae is déanaí a chinn an Coimisiún an sciar de sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tír aonair dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, cuirfidh na húdaráis ábhartha an mhír seo i bhfeidhm ar bhonn an chinnidh is déanaí sin nó ar bhonn an chinnidh roimhe sin. Murab ann do cheann roimhe sin, féadfaidh na húdaráis ábhartha an mhír seo a chur i bhfeidhm ar bhonn an chinnidh is déanaí.

2. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 ach, 9 mí nó níos mó roimh lá foilsithe ceant a thagann faoi raon feidhme Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735, gur chinn an Coimisiún gur de thionscnamh tríú tír aonair níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas de phríomh-chomhpháirt shonrach amháin nó níos mó de theicneolaíocht ghlan-nialasachta shonrach nó gur tháinig méadú 10 bpointe céatadáin ar a laghad ar an meán ar feadh 2 bhliain as a chéile ar sholáthar laistigh den Aontas de phríomh-chomhpháirt shonrach amháin nó níos mó den teicneolaíocht glan-nialasachta sin agus go sroicheann sé sin 40 % ar a laghad den soláthar laistigh den Aontas, ní cheadóidh na húdaráis ábhartha rannpháirtíocht sa cheant, nó ní dhéanfaidh siad pointí a dhámhachtain, ach amháin i gcás tairiscintí ar ina leith nach mó ná 50 % cainníocht gach ceann de na príomh-chomhpháirteanna sonracha sin atá de thionscnamh an tríú tír sin. Agus an oibleagáid sin á cur i bhfeidhm, féadfaidh na húdaráis ábhartha cur i bhfeidhm na gcritéar réamhcháiliúcháin agus dámhachtana a chomhcheangal le haghaidh na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha éagsúla.

I gcás ina bhfuil sciar an tsoláthair laistigh den Aontas atá de thionscnamh tríú tír aonair dá dtagraítear sa chéad fhomhír os cionn 85 %, féadfaidh na húdaráis ábhartha an teorainn ar uaschainníocht na gcomhpháirteanna sa chéad fhomhír a mhéadú ó 50 % go dtí 85 %.

I gcás ina bhfoilsítear ceantanna níos lú ná 9 mí tar éis an lae is déanaí a chinn an Coimisiún an sciar de sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tír aonair dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, cuirfidh na húdaráis ábhartha an mhír seo i bhfeidhm ar bhonn an chinnidh is déanaí sin nó ar bhonn an chinnidh roimhe sin. Murab ann do cheann roimhe sin, féadfaidh na húdaráis ábhartha an mhír seo a chur i bhfeidhm ar bhonn an chinnidh is déanaí.

3. Maidir le teicneolaíochtaí gaoithe ar talamh, teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta agus leictrealóirí, i gcás nár chinn an Coimisiún, tráth fhoilsiú na gceantanna, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2024/1735, gur de thionscnamh tríú tír aonair níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas de tháirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta sonrach, nó níos mó ná 40 % le 2 bhliain as a chéile de mhéadú 10 bpointe céatadáin ar a laghad ar an meán, cuirfidh na húdaráis ábhartha an critéar athléimneachta i bhfeidhm trí gan rannpháirtíocht sa cheant a cheadú, nó gan pointí a dhámhachtain, ach amháin i gcás tairiscintí a gcomhlíonann 75 % ar a laghad de na táirgí deiridh ar cuid den tairiscint iad na ceanglais a leagtar amach i mír 1, i leith táirgí deiridh agus príomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne nó táirgí deiridh agus príomh-chomhpháirteanna sonracha arna gcóimeáil inti.

CAIBIDIL IV

RANNCHUIDIÚ INBHUANAITHEACHTA

Airteagal 8

Inbhuanaitheacht chomhshaoil – lorg carbóin

1. Agus rogha á déanamh measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta an cheant dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1735 trí bhíthin critéar maidir le lorg carbóin, áireoidh na húdaráis ábhartha critéar réamhcháiliúcháin nó dámhachtana nó teaglaim den dá rud agus léireoidh siad na teicneolaíochtaí glan-nialasachta, i measc na dteicneolaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735, ar gá measúnú a dhéanamh ar a lorg carbóin ar leibhéal an tionscadail nó ar leibhéal na comhpháirte, agus, i gcás gach teicneolaíochta glan-nialasachta, an mhodheolaíocht is infheidhme chun measúnú a dhéanamh ar an lorg carbóin atá oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

2. Ceanglófar ar thairgeoirí an lorg carbóin a thomhas agus a chur in iúl trí úsáid a bhaint as modhanna measúnaithe saolré dá bhforáiltear i ndlí ceangailteach an Aontais lena dtugtar aghaidh go sonrach ar na teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite atá i gceist sa cheant, i gcás ina mbeidh fáil orthu. I gcás nach bhfuil aon mhodheolaíocht cheangailteach de chuid an Aontais ann chun lorg carbóin teicneolaíochta glan-nialasachta sonraí a thomhas agus a chur in iúl, ach go bhfuil modheolaíocht cheangailteach de chuid an Aontais ann chun lorg carbóin táirge a ríomh agus go léirítear leis an ngníomh lena mbunaítear an mhodheolaíocht sin gur féidir í a úsáid mar threoir chun lorg carbóin teicneolaíochta glan-nialasachta áirithe a ríomh, ceanglófar ar thairgeoirí an lorg carbóin le haghaidh na teicneolaíochta glan-nialasachta sin a thomhas agus a chur in iúl trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht sin.

3. Mura sonraítear iad sa mhodheolaíocht a úsáidtear, saineoidh agus foilseoidh na húdaráis ábhartha aonaid fheidhmiúla, teorainneacha córais agus toimhdí a úsáidtear chun an lorg carbóin a thomhas agus cuirfidh siad d'oibleagáid ar na tairgeoirí a ríomhanna a thuairisciú ar bhealach trédhearcach. Mura sonraítear iad sa mhodheolaíocht a úsáidtear, saineoidh agus nochtfaidh na húdaráis náisiúnta ceanglais samhaltaithe agus cáilíochta sonraí le haghaidh sonraí príomhúla, sonraí tánaisteacha agus bunachair sonraí a úsáidtear. Éileoidh na húdaráis ábhartha go n-úsáidfear sonraí comhsheasmhacha ionadaíocha.

4. Maidir le modheolaíochtaí loirg carbóin nach gcumhdaítear le mír 2 den Airteagal seo, cumhdófar sa mheasúnú ar an lorg carbóin ar a laghad astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as na céimeanna saolré seo a leanas de na teicneolaíochtaí glan-nialasachta ábhartha:

(i) acmhainní a asbhaint, a tháirgeadh, a phróiseáil agus a iompar;

(ii) próisis mhonaraíochta;

(iii) leictreachas/fuinneamh a úsáidtear le haghaidh na bpróiseas sin;

(iv) iompar na gcomhpháirteanna agus an táirge deiridh;

(v) suiteáil, oibriú agus cothabháil;

(vi) díchoimisiúnú agus deireadh saoil.

Airteagal 9

Inbhuanaitheacht chomhshaoil – an geilleagar ciorclach

1. Agus rogha á déanamh measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta an cheant dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1735 trí bhíthin critéir an gheilleagair chiorclaigh, mar chritéir réamhcháiliúcháin nó critéir dhámhachtana nó meascán den dá rud, cuirfidh na húdaráis ábhartha san áireamh rannchuidiú na dtionscadal atá rannpháirteach sa cheant le ceann amháin nó níos mó de na paraiméadair seo a leanas, ar choinníoll gur cuid shubstaintiúil de thionchar comhshaoil an táirge iad:

— in-athchúrsáilteacht táirgí, ag tagairt do pharaiméadar táirge ábhartha amháin nó níos mó mar a leagtar amach i bpointe d) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781;

— éascaíocht deisithe agus cothabhála nó éascaíocht táirgí a uasghrádú, a athúsáid, a athmhonarú agus a athriochtú, ag tagairt do pharaiméadar táirge ábhartha amháin nó níos mó mar a leagtar amach i bpointí b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781;

— úsáid ábhar athchúrsáilte i dtáirgí, lena n-áirítear amhábhair chriticiúla.

2. Agus critéir an gheilleagair chiorclaigh dá dtagraítear i mír 1 á sainiú, bainfidh na húdaráis ábhartha úsáid as modhanna dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais lena dtugtar aghaidh go sonrach ar na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a thagann faoi raon feidhme an rialacháin cur chun feidhme seo, i gcás ina mbeidh fáil orthu. Mura soláthraítear modhanna den sórt sin nó mura dtagraítear dóibh i reachtaíocht an Aontais, úsáidfidh na húdaráis ábhartha modhanna a leagtar amach i gcaighdeáin idirnáisiúnta, i gcás ina mbeidh fáil orthu.

Airteagal 10

Inbhuanaitheacht chomhshaoil – tionchar na bithéagsúlachta

1. Agus rogha á déanamh measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta an cheant dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1735 trí bhíthin critéir a bhaineann le tionchar bithéagsúlachta oibriú na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta, áireoidh na húdaráis ábhartha critéir réamhcháiliúcháin nó critéir dhámhachtana nó meascán den dá rud chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú an tionscadail le feabhas a chur ar thionchar bithéagsúlachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta le linn a gcéimeanna suiteála, oibriúcháin agus díchoimisiúnaithe mar a leagtar síos i míreanna 2 agus 3.

2. I gcás ina n-áireoidh na húdaráis ábhartha tionchar bithéagsúlachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta mar chritéar réamhcháiliúcháin, áireofar na heilimintí seo a leanas sa chritéar:

(a) córas a bheith ann chun faireachán a dhéanamh ar thionchair dhearfacha agus dhiúltacha bhithéagsúlachta na suiteála le linn chéim na suiteála, na hoibríochta agus an díchoimisiúnaithe;

(b) gealltanas réitigh oiriúnaitheacha a chur chun feidhme chun tionchair dhiúltacha fhéideartha ar an mbithéagsúlacht a mhaolú mar a shainaithnítear faoi mheasúnuithe comhshaoil arna ndéanamh más ábhartha de bhun Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]) agus/nó de bhun Threoir 92/43/CEE ([30]) ón gComhairle agus faoi phointe a) den mhír seo agus chun éifeachtacht na réiteach a áirithiú chun rannchuidiú go dearfach leis an mbithéagsúlacht má úsáidtear na réitigh sin.

Leis an gcóras dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, déanfar faireachán ar na tionchair ar thalamh, os cionn talún, in ithreacha, in uisce, ar ghrinneall na farraige, os cionn ghrinneall na farraige, os cionn dhromchla na farraige, lena n-áirítear torann agus truailliú, de réir mar is ábhartha i bhfianaise na teicneolaíochta atá i gceist.

Déanfar na sonraí agus an fhaisnéis arna mbailiú ag an gcóras dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a chomhroinnt leis an bpobal eolaíochta agus leis na húdaráis phoiblí ar a laghad, ach amháin más faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

3. I gcás ina n-áireoidh na húdaráis ábhartha tionchar bithéagsúlachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta mar chritéar dámhachtana, ceanglófar leis an gcritéar glanrannchuidithe dearfacha leis an mbithéagsúlacht ([31]), nuair a shainaithníonn an t-údarás poiblí go bhfuil siad ábhartha, i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

(a) caomhnú gnáthóg nó speiceas, nó iad araon, faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle;

(b) caomhnú éan fiáin, lena n-áirítear a ngnáthóga, faoi Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]);

(c) éiceachórais a athchóiriú faoi Rialachán (AE) 2024/1991;

(d) i gcás suiteálacha amach ón gcósta, dea-stádas comhshaoil a bhaint amach faoi Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([33]);

(e) stádas maith uisce a bhaint amach faoi Threoir 2000/60/CE.

Féadfar na bearta chun an critéar sin a chomhlíonadh a dhéanamh ar an láthair nó lasmuigh den láthair.

Airteagal 11

Inbhuanaitheacht chomhshaoil – éifeachtúlacht fuinnimh

1. Agus rogha á déanamh measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta an cheant dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1735 trí bhíthin critéir éifeachtúlachta fuinnimh, áireoidh na húdaráis ábhartha critéar réamhcháiliúcháin nó dámhachtana nó meascán den dá rud lena sainaithnítear na táirgí a ndéantar measúnú ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh agus, i gcás gach táirge, an mhodheolaíocht mheasúnaithe is infheidhme. Déanfar éifeachtúlacht fuinnimh a thomhas agus a mheasúnú bunaithe ar na modhanna le haghaidh an táirge lena mbaineann dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais, i gcás ina mbeidh siad ar fáil.

2. I gcás ina gcumhdaítear táirge le gníomh tarmligthe arna ghlacadh faoi Rialachán (AE) 2017/1369, Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([34]) nó le gníomh cur chun feidhme gaolmhar ón gCoimisiún, comhlíonfaidh an critéar dá dtagraítear i mír 1 an critéar a leagtar síos in Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1369.

([29]) Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj).

([30]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

([31]) Is torthaí caomhnaithe/athbhunaithe breise iad glanrannchuidithe dearfacha leis an mbithéagsúlacht sa bhreis ar bhearta fritháirimh, i.e. bearta atá ceaptha chun drochthionchair iarmharacha dhosheachanta ar an mbithéagsúlacht a eascraíonn as an tionscadal a chúiteamh tar éis bearta coisctheacha agus maolaithe iomchuí a bheith déanta.

([32]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

([33]) Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíochtaí Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj).

([34]) Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir lena chur in iúl trí lipéadú agus trí fhaisnéis caighdeánach táirge i ndáil leis an méid fuinnimh agus an méid acmhainní eile a ídíonn táirgí a bhaineann le fuinneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/30/oj).

3. I gcás ina gcumhdaítear táirge nach gcumhdaítear faoi mhír 2 le beart cur chun feidhme faoi Threoir 2009/125/CE, tagróidh an critéar do tháirgí a chomhlíonann tagarmharcanna éifeachtúlachta fuinnimh a shonraítear sa bheart cur chun feidhme sin.

4. I gcás nach gcumhdaítear táirge faoi mhír 2 nó faoi mhír 3, déanfar éifeachtúlacht fuinnimh a thomhas agus a mheasúnú ar bhonn modhanna eile dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais, i gcás ina bhfuil siad ar fáil.

5. I gcás nach ndéantar foráil i reachtaíocht an Aontais maidir le modhanna ábhartha agus nach bhfuil feidhm ag mír 4, déanfar éifeachtúlacht fuinnimh a thomhas agus a mheasúnú bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta.

Airteagal 12

Inbhuanaitheacht chomhshaoil – úsáid éifeachtúil uisce agus réitigh lena seachnaítear truailliú uisce

1. Agus rogha á déanamh measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta an cheant dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1735 trí bhíthin critéir a bhaineann le huisce, áireoidh na húdaráis ábhartha critéir réamhcháiliúcháin nó critéir dhámhachtana nó meascán den dá rud chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú oibriú an tionscadail le stádas na ndobharlach a chaomhnú agus, i gcás inarb infheidhme, a fheabhsú.

2. I gcás ina n-áireoidh na húdaráis ábhartha tionchar na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a bhaineann le huisce mar chritéar réamhcháiliúcháin, áireofar na heilimintí seo a leanas sa chritéar:

(a) córas a bheith ann chun faireachán a dhéanamh ar thionchair dhearfacha agus dhiúltacha na suiteála ar uisce le linn gach céime ábhartha den tsaolré;

(b) an gealltanas réitigh oiriúnaitheacha a chur chun feidhme chun tionchair dhiúltacha ar stádas uisce a sheachaint agus éifeachtacht na réiteach a áirithiú chun tionchair dhearfacha a ghiniúint, i gcás inarb infheidhme, agus chun rannchuidiú le stádas maith uisce a chaomhnú nó a bhaint amach mar a léirítear leis an gcóras faireacháin dá dtagraítear i bpointe a);

3. I gcás ina n-áireoidh na húdaráis ábhartha tionchar na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a bhaineann le huisce mar chritéar dámhachtana, ceanglófar leis an gcritéar rannchuidithe dearfacha chun cáilíocht agus cainníocht mhaith uisce a bhaint amach nó a choinneáil ar bun faoi Threoir 2000/60/CE.

Airteagal 13

Inbhuanaitheacht chomhshaoil – truailliú

Agus rogha á déanamh measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta an cheant dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1735 trí bhíthin critéir a bhaineann le truailliú, áireoidh na húdaráis ábhartha critéir réamhcháiliúcháin nó critéir dhámhachtana nó meascán den dá rud chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú an tionscadail le truailliú a laghdú, seachas truailliú ó gháis ceaptha teasa, le linn suiteála, oibriúcháin agus díchoimisiúnúcháin. Saineofar modheolaíochtaí, tairseacha agus sásraí comhlíontachta ábhartha i gcomhréir le dlí an Aontais agus bunaithe air, má tá siad ar fáil, agus na critéir a leagtar síos i bhFoscríbhinn C a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 á gcur san áireamh de réir mar is infheidhme.

Airteagal 14

Rannchuidiú inbhuanaitheachta: nuálaíocht

1. Agus rogha á déanamh measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta an cheant dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1735 trí bhíthin critéir nuálaíochta, déanfaidh na húdaráis ábhartha idirdhealú, i gcás inarb ábhartha, idir na ceantanna seo a leanas:

(a) ceantanna le haghaidh na nuálaíochta amháin atá dírithe go sonrach ar theicneolaíochtaí nó réitigh nua a chur chun cinn agus

(b) ceantanna nach ndíríonn go sonrach ar an nuálaíocht mar phríomhthiománaí an cheant.

Sa dá chineál ceantanna, tabharfar isteach le húsáid critéar nuálaíochta réamhcháiliúcháin nó dámhachtana ceanglas go gcomhlíonfaidh gach tionscadal íosleibhéal feabhais ar phríomhtháscairí feidhmíochta a théann thar úrscothacht na dteicneolaíochtaí agus na réiteach atá ar an margadh cheana féin agus a bhaineann le hábhar an cheant a bhfuil siad rannpháirteach ann.

2. I dteannta na gceanglas i mír 1, an dara fomhír, déanfar rannchuidiú na gceantanna dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 leis an nuálaíocht trí bhíthin critéir réamhcháiliúcháin a mheasúnú trí cheanglas a thabhairt isteach go mbeidh leibhéal áirithe aibíochta ag gach tionscadal. Maidir leis an gcineál sin ceantanna, áireoidh na húdaráis ábhartha ceanglais bhreise lena gcuirfear d'oibleagáid ar an tairgeoir a n-éiríonn leis eolas a scaipeadh maidir le torthaí an tionscadail nuálaigh nó ceadúnais a thairiscint le haghaidh torthaí taighde agus tionscadail forbartha atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla, ar mhargadhphraghas agus ar bhonn neamheisiach agus neamh-idirdhealaitheach lena n-úsáid ag páirtithe leasmhara in LEE.

3. I dteannta na gceanglas i mír 1, an dara fomhír, féadfar measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na gceantanna dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 leis an nuálaíocht trí bhíthin réamhcháiliúcháin trí cheanglas a thabhairt isteach go mbeidh leibhéal áirithe aibíochta ag gach tionscadal. Maidir leis an gcineál sin ceantanna, féadfaidh na húdaráis ábhartha ceanglais bhreise a áireamh freisin a bhaineann le cleachtais scaipthe eolais maidir le torthaí ó thionscadail nuálacha nó cleachtais cheadúnúcháin le haghaidh tuilleadh torthaí taighde agus tionscadal forbartha, atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla ar mhargadhphraghas agus ar bhonn neamheisiach agus neamh-idirdhealaitheach lena n-úsáid ag páirtithe leasmhara in LEE.

4. Déanfar leibhéal aibíochta na nuálaíochta a mholtar sa cheant dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a mheasúnú, i gcás inarb ábhartha, trí bhíthinn modhanna inchreidte seanbhunaithe amhail an tagairt do leibhéal ullmhachta teicneolaíochta.

Airteagal 15

Rannchuidiú inbhuanaitheachta: Comhtháthú córas fuinnimh

1. Agus rogha á déanamh measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta an cheant dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1735 trí bhíthin critéir maidir le comhtháthú córas fuinnimh, cuirfidh na húdaráis ábhartha san áireamh rannchuidiú na dtionscadal rannpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais córas a eascraíonn as oibriú na gcóras sin, ar bhonn solúbthacht ama, tionchar suímh agus naisc ar fud iompróirí fuinnimh, faoi na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 2, 3 agus 4.

2. Déanfar solúbthacht ama an tionscadail rannpháirtigh a mheasúnú maidir leis na réitigh atá beartaithe, mar infheistíochtaí nua nó infheistíochtaí arna soláthar trí thríú páirtithe, go háirithe i bhfoirm teaglaim de roinnt teicneolaíochtaí giniúna in-athnuaite, teaglaim de shócmhainní giniúna agus sócmhainní stórála leictreachais, nó teaglaim de shócmhainní giniúna agus sócmhainní éilimh nó réitigh éilimh. Ach amháin má tá údar cuí leis, ní eisiafar leis an measúnú sin aon teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar riachtanais shainaitheanta an chórais.

3. Déanfar measúnú ar thionchar suímh an tionscadail rannpháirtigh ar riachtanais an chórais maidir le teaglaim a ngnéithe ábhartha, lena n-áirítear a bpróifíl giniúna ama nó a n-acmhainneacht giniúna, agus roghnú an láithreáin agus an phointe nasctha eangaí, agus pleanáil gréasáin á cur san áireamh.

4. Déanfar measúnú ar chumas an tionscadail rannpháirtigh naisc a chruthú ar fud iompróirí fuinnimh maidir lena gcumas fuinneamh in-athnuaite a aistriú ó iompróir fuinnimh amháin go hiompróir fuinnimh eile, agus go háirithe cé acu a áirítear nó nach n-áirítear meascán de shócmhainní giniúna agus de shócmhainní tiontuithe fuinnimh iontu.

CAIBIDIL V

MEASÚNÚ AGUS COMHLÍONADH NA gCRITÉAR

Airteagal 16

Measúnú ar chritéir réamhcháiliúcháin nó dhámhachtana agus gnéithe comhlíontachta na gceantanna

1. Leagfaidh na húdaráis ábhartha síos modheolaíocht thrédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach chun measúnú a dhéanamh ar thairiscintí in aghaidh na gcritéar neamhphraghais roghnaithe, go háirithe trí mheasúnú cainníochtúil a dhéanamh ar na critéir bunaithe ar mhodh scórála arna bhunú agus arna fhoilsiú roimh an bpróiseas tairisceana. I gcás nach féidir measúnú cainníochtúil a dhéanamh, féadfar foráil a dhéanamh maidir le measúnú cáilíochtúil ar chritéir neamhphraghais má tá údar cuí leis de bharr na gcuspóirí beartais phoiblí atá á saothrú agus má tá sé deartha ar bhealach lena maolaítear an t-ualach riaracháin agus an riosca go mbeidh dúshláin dhlíthiúla ann. Déanfar an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar na tairiscintí a dhearadh tar éis dul i gcomhairle agus comhoibriú le páirtithe leasmhara agus le saineolaithe. Nuair nach bhfuil dóthain faisnéise ag na húdaráis ábhartha chun an modh scórála a chur ar bun roimh ré, féadfar an scóráil le haghaidh gné ar leith a shocrú freisin faoi threoir an tairgeora a dhéanann an tairiscint is mó maidir leis an gcritéar neamhphraghais áirithe sin. Sa chás sin, cuirfear bearta i bhfeidhm chun tairiscintí straitéiseacha a theorannú.

2. Geallfaidh gach tairgeoir sa cheant, tráth na tairisceana nó níos luaithe, go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais cheant agus na sonraíochtaí a áirítear ina dtairiscint. Cinnfidh na húdaráis ábhartha an tráth a mbeidh ar thairgeoirí a léiriú go gcomhlíontar na critéir neamhphraghais, rud a d'fhéadfadh tarlú ag pointí éagsúla ama le linn shaolré an tionscadail, de réir mar is ábhartha.

3. Cé is moite de thairgeoirí a cháilíonn mar dhaoine nádúrtha, mar chuideachtaí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE mar a shainmhínítear in Airteagail 19a agus 29a di agus sna modhnuithe a rinneadh orthu ina dhiaidh sin agus comhphobail fuinnimh in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2(16) de Threoir (AE) 2018/2001, déanfar comhlíonadh na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 4 a mheasúnú in aghaidh ráitis tacaíochta ábhartha arna n-áirithiú ag tríú páirtithe neamhspleácha. Féadfaidh tairgeoirí atá faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta faoi Threoir 2013/34/AE faisnéis ábhartha a chur i láthair maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann siad ceanglais Airteagal 4 tríd an bhformáid a sholáthraítear ann a úsáid.

4. Déanfar comhlíonadh na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 5 a mheasúnú trína cheangal ar thairgeoirí plean cibearshlándála an tionscadail tairisceana a chur i láthair agus é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta le linn chur chun feidhme an tionscadail.

5. Déanfar measúnú ar chomhlíonadh na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 7 trína cheangal ar thairgeoirí doiciméadacht chustaim a sholáthar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([35]), i gcás ina mbeidh fáil uirthi, agus doiciméid ábhartha eile lena léirítear tionscnamh nó áit chóimeála na teicneolaíochta glan-nialasachta nó a príomh-chomhpháirteanna sonracha, lena n-áirítear sonraisc nó aon mhodh eile.

6. Áiritheoidh na húdaráis ábhartha a úsáideann critéir neamhphraghais go gcomhlíonfar na critéir sin.

7. Ceanglóidh na húdaráis ábhartha ar thairgeoirí ráthaíochtaí iomchuí a chur isteach chun a áirithiú go gcomhlíonfar na critéir a chumhdaítear leis an Rialachán seo a leagtar síos sna sonraíochtaí ceantála, ar nós bannaí tairisceana, bannaí críochnaithe agus bannaí feidhmíochta.

8. Agus an leibhéal ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 7 á shocrú, cuirfidh na húdaráis ábhartha san áireamh freisin breithnithe amhail costais an tionscadail, rioscaí an tionscadail, acmhainneacht an tionscadail, luach na hacmhainneachta sin don chóras fuinnimh, aibíocht na teicneolaíochta, an méid nuálaíochta a cheanglaítear leis an gceant, dálaí margaidh ábhartha eile agus cineál an tsáraithe. Beidh leibhéal na ráthaíochtaí ard go leor chun straitéisí tairisceana a dhíspreagadh ó neamhurramú na gcritéar neamhphraghais a shaothrú.

([35]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

Airteagal 17

Pionóis

1. Bunóidh na húdaráis ábhartha pionóis as neamhchomhlíonadh na gcritéar a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Féadfaidh na pionóis sin a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, amhail pionóis chnapshuime, pionóis laethúla, laghduithe nó deireadh a chur le tacaíocht, nó eisiamh ó rannpháirtíocht i mbabhtaí ceantála amach anseo.

2. Agus leibhéal na bpionós dá dtagraítear i mír 1 á shocrú, cuirfidh na húdaráis ábhartha san áireamh freisin breithnithe amhail costais an tionscadail, rioscaí an tionscadail, acmhainneacht an tionscadail, luach na hacmhainneachta sin don chóras fuinnimh, aibíocht na teicneolaíochta, an méid nuálaíochta a cheanglaítear leis an gceant, dálaí margaidh ábhartha eile agus cineál an tsáraithe. Beidh leibhéal na bpionós ard go leor chun straitéisí tairisceana a dhíspreagadh ó neamhurramú na gcritéar neamhphraghais a shaothrú.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 18

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN